II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2236 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Meitheamh 2022

lena leasaítear Iarscríbhinní I, II, IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais theicniúla maidir le feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta, feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga, feithiclí lán-uathoibrithe a tháirgtear i sraitheanna beaga agus feithiclí sainchuspóireacha, agus a mhéid a bhaineann leis an nuashonrú bogearraí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2), Airteagal 5(3), Airteagal 31(8) agus Airteagal 41(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun CO_2 a dheimhniú, mar a fhoráiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún ([2]), is gá idirdhealú a dhéanamh idir leantóirí agus leathleantóirí ó leantóirí lúibe a úsáidtear i gcomhcheangal de Chóras Modúlach Eorpach (EMS). Chun dul chun cinn teicniúil agus forbairtí rialaitheacha a chur san áireamh, ba cheart cineálacha nua cabhalra a chur le liosta na bhfeithiclí i gcatagóir O mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid C, pointe 5 a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.

(2) Tá liosta de na ceanglais le haghaidh chineálcheadú AE feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta le fáil sa tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Cuid I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, in éineacht le liosta de na gníomhartha rialaitheacha comhfhreagracha. Is gá forbairtí teicniúla agus rialaitheacha a chur san áireamh trí nuashonrú a dhéanamh ar roinnt de na tagairtí sa tábla sin ina leagtar amach na ceanglais maidir le feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh. Go háirithe, ba cheart tagairt do Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) a thabhairt isteach. Thairis sin, ar chúiseanna a bhaineann le soiléireacht dhlíthiúil agus simpliú, is iomchuí leagan amach an tábla sin a ailíniú leis an tábla atá in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

([1]) IO L 151, 14.6.2018, lch. 1

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 an 1 Lúnasa 2022 ón gCoimisiún lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht leantóirí tromshaothair i ndáil leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO_2, ídiú breosla, ídiú fuinnimh agus raon tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfheithiclí agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L 205, 5.8.2022, lch. 145).

([3]) Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1).

(3) Tá liosta de na gníomhartha rialaitheacha le haghaidh chineálcheadú AE feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga le fáil sa tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Cuid I, Foscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 de bhun Airteagal 41 den Rialachán sin. Is gá na ceanglais theicniúla a leagan amach maidir le cineálcheadú AE na bhfeithiclí den sórt sin i ndáil leis na córais dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/2144 agus sna gníomhartha tarmligthe agus sna gníomhartha cur chun feidhme a glacadh de bhun an Rialacháin sin. Chomh maith leis sin, is gá na ceanglais a leagan síos ar cheart feidhm a bheith acu maidir le cineálcheadú feithicle iomláine AE a thabhairt i leith feithiclí lán-uathoibrithe a tháirgtear i sraitheanna beaga ionas go dtabharfar an teicneolaíocht isteach ar bhealach céimnitheach ach tapa i gcomhréir leis na dátaí cuir i bhfeidhm a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2144. Ag an gcéad chéim eile, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair chun na ceanglais riachtanacha maidir le cineálcheadú feithicle iomláine AE le haghaidh feithiclí lán-uathoibrithe a tháirgtear i sraitheanna gan teorainn a fhorbairt a thuilleadh agus a ghlacadh faoi mhí Iúil 2024.

(4) Tá na ceanglais shonracha maidir le cineálcheadú AE feithiclí sainchuspóireacha le fáil sna táblaí in Iarscríbhinn II, Cuid III, Foscríbhinní 1 go 6 a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858. Ba cheart na ceanglais sin a leasú chun Rialachán (AE) 2019/2144 agus na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme a glacadh de bhun an Rialacháin sin a chur san áireamh.

(5) Agus na ceanglais maidir le feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga nó feithiclí sainchuspóireacha á leagan amach, is gá na cásanna a chur san áireamh nach bhfuil na ceanglais maidir le feithiclí comhoiriúnach le húsáid nó le dearadh na bhfeithiclí sin, nó i gcás ina mbeadh an t-ualach breise a d'fhorchuirfí leis na ceanglais sin díréireach. Ar an gcúis sin, ba cheart aga leordhóthanach a thabhairt do mhonaróirí feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga agus do mhonaróirí feithiclí sainchuspóireacha chun na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a chur chun feidhme. Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sin maidir le cineálacha nua feithiclí ón 7 Iúil 2024 ar dtús agus maidir le gach feithicil nua ón 7 Iúil 2026 ar aghaidh.

(6) I gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144, ba cheart feidhm a bheith ag roinnt de na Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe a liostaítear sa tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Cuid II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 chun críocha chineálcheadú AE. Dá bhrí sin, ní gá Rialacháin den sórt sin ó na Náisiúin Aontaithe a aithint a thuilleadh ina rogha mhalartach ar na gníomhartha rialaitheacha a liostaítear i gCuid I den Iarscríbhinn sin agus, dá réir sin, ba cheart iad a bhaint den tábla sin.

(7) Ar bhonn Chinneadh (AE) 2020/848 ón gComhairle ([4]), ba é an seasamh a glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoistí ábhartha Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip go rabhthas i bhfabhar Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha i ndáil le feithiclí a cheadú a mhéid a bhaineann le nuashonrú ar bhogearraí agus córas bainistithe nuashonraithe bogearraí [2021/388] ([5]), d'fhonn é a chur i bhfeidhm chun cineálcheadú AE a thabhairt. Is gá Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiúin Aontaithe a chur le liosta na ngníomhartha rialaitheacha ina leagtar amach na ceanglais maidir le cineálcheadú lánfheithicle AE a thabhairt. Ós rud é go bhfuil na ceanglais a bhaineann le socruithe chun comhréireacht táirgeachta a áirithiú le fáil in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, is iomchuí tagairt do Rialachán Uimh. 156 a thabhairt isteach san Iarscríbhinn sin, mar chuid de na nósanna imeachta agus na socruithe is ceart do mhonaróirí a chur i bhfeidhm chun comhréireacht agus slándáil an nuashonraithe bogearraí a áirithiú.

(8) Agus forbairt ag teacht ar an teicneolaíocht, bíonn mótarfheithicil i bhfad níos casta agus úsáidtear níos mó córais leictreonacha iontu ar gá nuashonrú bogearraí a dhéanamh orthu go tráthrialta. Ós rud é go bhféadfaí tionchar a bheith ag nuashonrú bogearraí den sórt sin ar fheidhmiú córas agus feidhmiúlachtaí ceadaithe eile sna feithiclí lena mbaineann, ba cheart do na monaróirí córas bainistithe nuashonraithe bogearraí a leagan síos mar chuid dá bpróiseas comhréireachta táirgeachta. Ba cheart am leordhóthanach a thabhairt do na monaróirí chun na córais sin a chomhtháthú sa chineálcheadú lánfheithicle agus go háirithe i ndáil le feithiclí iomlána nua agus feithiclí lánchríochnaithe nua faoi seach.

(9) Chun cineálcheadú lánfheithicle AE a thabhairt i leith feithiclí lán-uathoibrithe i gcatagóirí M_2, M_3, N_2 agus N_3, is gá na teorainneacha cainníochtúla bliantúla ar cheart feidhm a bheith acu maidir leis na feithiclí sin a leagan amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.

([4]) Cinneadh (AE) 2020/848 ón gComhairle an 16 Meitheamh 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann leis na tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 13, 14, 16, 22, 30, 41, 78, 79, 83, 94, 95, 101, 108, 109, 117, 129, 137, 138, 140 agus 152 ó na Náisiúin Aontaithe, a mhéid a bhaineann leis na tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Theicniúla Dhomhanda Uimh. 3, 6, 7, 16 agus 19, a mhéid a bhaineann leis na tograí le haghaidh leasuithe a dhéanamh ar Rialachán Comhdhlúithe R.E.3 agus a mhéid a bhaineann leis na tograí le haghaidh cúig rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le sábháilteacht, astaíochtaí agus uathoibriú i réimse na mótarfheithiclí (IO L 196, 19.6.2020, lch. 5).

([5]) IO L 82, 9.3.2021, lch. 60.

(10) Ba cheart Iarscríbhinní I, II, IV agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 a leasú, dá bhrí sin, i gcomhréir leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/858

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(3) Leasaítear Iarscríbhinn IV i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(4) Leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Forálacha idirthréimhseacha

1. Le héifeacht ón 6 Iúil 2022, diúltóidh na húdaráis náisiúnta cineálcheadú lánfheithicle AE nó cineálcheadú náisiúnta a thabhairt i leith aon chineáil feithicle nua, i gcás ina ndéanann an monaróir na nuashonruithe bogearraí a mbíonn tionchar acu ar shaintréithe cineálcheadaithe na bhfeithiclí sin tar éis iad a chlárú, mura gcomhlíonann na feithiclí sin Rialachán (AE) 2018/858, arna leasú le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo maidir leis an nuashonrú bogearraí.

2. Le héifeacht ón 6 Iúil 2022, ní dhiúltóidh na húdaráis náisiúnta síneadh le cineálcheadú lánfheithicle AE nó le cineálcheadú náisiúnta a thabhairt i leith feithiclí, i gcás ina ndéanann an monaróir na nuashonruithe bogearraí a mbíonn tionchar acu ar shaintréithe cineálcheadaithe na bhfeithiclí sin tar éis iad a chlárú, má chomhlíonann na feithiclí sin Rialachán (AE) 2018/858, arna leasú le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo maidir leis an nuashonrú bogearraí.

3. Le héifeacht ón 7 Iúil 2024, measfaidh na húdaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann leis an nuashonrú bogearraí, nach bhfuil deimhnithe comhréireachta i ndáil le feithiclí nua bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2018/858, agus cuirfidh siad cosc ar fheithiclí a chlárú, a chur ar an margadh nó a chur i mbun seirbhíse, i gcás ina ndéanann an monaróir na nuashonruithe bogearraí a mbíonn tionchar acu ar shaintréithe cineálcheadaithe na bhfeithiclí sin tar éis iad a chlárú, mura gcomhlíonann na feithiclí sin Rialachán (AE) 2018/858, arna leasú le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo maidir leis an nuashonrú bogearraí.

4. Le héifeacht ón 7 Iúil 2024, diúltóidh na húdaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann leis an nuashonrú bogearraí, cineálcheadú lánfheithicle AE nó cineálcheadú náisiúnta a thabhairt i leith aon chineáil feithiclí nua, mura gcomhlíonann na feithiclí sin Rialachán (AE) 2018/858, arna leasú le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo maidir leis an nuashonrú bogearraí.

5. Le héifeacht ón 7 Iúil 2024, diúltóidh na húdaráis náisiúnta cineálcheadú lánfheithicle AE a thabhairt i leith feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga nó feithiclí sainchuspóireacha, mura gcomhlíonann na feithiclí sin Rialachán (AE) 2018/858, arna leasú le hIarscríbhinn II, pointe (2), tábla 1, agus pointe (4) a ghabhann leis an Rialachán seo.

6. Le héifeacht ón 7 Iúil 2026, measfaidh na húdaráis náisiúnta nach bhfuil deimhnithe comhréireachta i ndáil le feithiclí nua a tháirgtear i sraitheanna beaga nó feithiclí sainchuspóireacha bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2018/858, agus cuirfidh siad cosc ar na feithiclí sin a chlárú, a chur ar an margadh agus a chur i mbun seirbhíse, mura gcomhlíonann na feithiclí sin Rialachán (AE) 2018/858, arna leasú le hIarscríbhinn II, pointe (2), tábla 1, agus pointe (4) a ghabhann leis an Rialachán seo.

7. Le héifeacht ón 7 Iúil 2026, measfaidh na húdaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann leis an nuashonrú bogearraí, nach bhfuil deimhnithe comhréireachta i ndáil le feithiclí iomlána nua bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2018/858, agus cuirfidh siad cosc ar na feithiclí sin a chur ar an margadh, a chlárú agus a chur i mbun seirbhíse, mura gcomhlíonann siad Rialachán (AE) 2018/858, arna leasú le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo maidir leis an nuashonrú bogearraí.

8. Le héifeacht ón 7 Iúil 2029, measfaidh na húdaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann leis an nuashonrú bogearraí, nach bhfuil deimhnithe comhréireachta i ndáil le feithiclí lánchríochnaithe nua bailí a thuilleadh chun críocha Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2018/858, agus cuirfidh siad cosc ar na feithiclí sin a chlárú, a chur ar an margadh agus a chur i mbun seirbhíse, mura gcomhlíonann siad Rialachán (AE) 2018/858, arna leasú le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo maidir leis an nuashonrú bogearraí.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 mar a leanas:

(1) i gCuid C, pointe 5, sa tábla, cuirtear na hiontrálacha a leanas léi:

"5.5.	DF	Leathleantóir lúibe	Leathleantóir a bhfuil an cúigiú roth aige atá gléasta ag an gcúl ionas go bhféadfaí leathleantóir eile a tharraingt leis an leathleantóir lúibe.
5.6.	Ard-Stiúrthóireacht	Leantóir barra tarraingthe lúibe	Leantóir barra tarraingthe a bhfuil an cúigiú roth aige atá gléasta ag an gcúl ionas go bhféadfaí leathleantóir eile a tharraingt leis an leantóir lúibe. "

(2) cuirtear sraith 32 seo isteach i bhFoscríbhinn 2:

"32. Tarpól ar an taobh anuas;".

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid a leanas in ionad Chuid I:

"CUID I

Gníomhartha rialála maidir le cineálcheadú feithiclí a tháirgtear i sraitheanna gan teorainn

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

a ghabhann leis an tábla maidir le feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta

X: Tá feidhm aige maidir leis an gcatagóir feithicle, leis an aonad teicniúil ar leithligh nó leis an gcomhpháirt i gcomhréir leis an ngníomh rialaitheach a shonraítear ann

IF: Tá feidhm aige i gcás ina bhfuil an córas, an t-aonad teicniúil nó an chomhpháirt feistithe ar an bhfeithicil sa chatagóir feithicle faoi seach agus sa chás sin amháin

Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	M_2	M_3	N_1	N_2	N_3	O_1	O_2	O_3	O_4	Aonad teicniúil faoi leith (STU)	Comhpháirt
A	CÓRAIS SRIANTA, TÁSTÁIL TUAIRTE, SLÁINE AN CHÓRAIS BHREOSLA AGUS SÁBHÁILTEACHT LEICTREACH ARDVOLTAIS													
A1	Feistis inmheánacha	Rialachán (AE) 2019/2144	X											
A2	Suíocháin agus ceannbhaic	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
A3	Suíocháin bhus	Rialachán (AE) 2019/2144		X	X									X
A4	Ancaireachtaí criosanna sábhála	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
A5	Criosanna sábhála agus córais shriantacha	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X					X	X
A6	Meabhrúcháin creasa slándála	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
A7	Córais deighilte	Rialachán (AE) 2019/2144											X	
A8	Ancaireachtaí srianta linbh	Rialachán (AE) 2019/2144	X	IF X	IF X	IF X	IF X	IF X						
A9	Córais srianta linbh (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X					X	X
A10	Córais srianta linbh fheabhsaithe (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X					X	X
A11	Fochosaint tosaigh	Rialachán (AE) 2019/2144					X	X					X	X
A12	Fobharra cosanta ar cúl	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X
A13	Cosaint chliathánach	Rialachán (AE) 2019/2144					X	X			X	X		
A14	Sábháilteacht umair breosla (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	
A15	Sábháilteacht gáis peitriliam leachtaithe (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						X

Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	M_2	M_3	N_1	N_2	N_3	O_1	O_2	O_3	O_4	Aonad teicniúil faoi leith (STU)	Comhpháirt
A16	Sábháilteacht gáis nádúrtha leachtaithe agus gáis nádúrtha chomhbhrúite (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						X
A17	Sábháilteacht hidrigine (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						X
A18	Cáilíocht ábhair córais hidrigine (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						X
A19	Sábháilteacht leictreach le linn úsáide (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						X
A20	Tuairt sheach-chur tosaigh	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X								
A21	Tuairt lánleithid tosaigh	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X								
A22	Iompar na meicníochta stiúrtha i gcás imbhualadh	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X							X	
A23	Mála athsholáthair aeir	Rialachán (AE) 2019/2144											X	
A24	Tuairt chabháin	Rialachán (AE) 2019/2144				X	X	X						
A25	Taobhthuairt	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X								
A26	Tuairt thaobhach an chuaille	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X								
A27	Tuairt chúil	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X								
A28	Córais infheithicle eCall 112-bhunaithe	Rialachán (AE) 2015/758	X			X							X	X
B	ÚSÁIDEOIRÍ SOGHONTA BÓTHAIR, RADHARC AGUS INFHEICTHEACHT													
B1	Cosaint cloiginn agus coise coisithe	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X								
B2	Zón cosanta tuairte cloiginn méadaithe	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X								

Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	M_2	M_3	N_1	N_2	N_3	O_1	O_2	O_3	O_4	Aonad teicniúil faoi leith (STU)	Comhpháirt
B3	Córas cosanta tosaigh	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X							X	
B4	Ardchoscánú éigeandála do choisí agus do rothaí	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X								
B5	Rabhadh tuairte do choisí agus do rothaí	Rialachán (AE) 2019/2144		X	X		X	X					X	
B6	Córas faisnéise caochspota	Rialachán (AE) 2019/2144		X	X		X	X					X	
B7	Brath cúlaithe	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X					X	
B8	Amharc chun tosaigh	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X								
B9	Amharc díreach i bhfeithiclí tromshaothair	Rialachán (AE) 2019/2144		X	X		X	X						
B10	Gloiniú sábháilteachta	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X		X
B11	(Díreo/dínéalú)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
B12	Ní/cuimilt	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X					X	
B13	Feistí amhairc neamhdhírigh	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						X
B14	Córas Fuaimiúil Foláirimh d'Fheithiclí	Rialachán (AE) Uimh. 540/2014	X	X	X	X	X	X						
C	FONNADH FEITHICLE, COSCÁNÚ, BOINN AGUS STIÚRADH													
C1	Trealamh stiúrtha	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X		
C2	Rabhadh imeachta ó lána	Rialachán (AE) 2019/2144		X	X		X	X						
C3	Fanacht i lána éigeandála	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X								

Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	M_2	M_3	N_1	N_2	N_3	O_1	O_2	O_3	O_4	Aonad teicniúil faoi leith (STU)	Comhpháirt
C4	Coscánú	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X		
C5	Páirteanna athsholáthair coscánaithe	Rialachán (AE) 2019/2144											X	
C6	Cúnamh coscáin	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X								
C7	Rialú cobhsaíochta	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X		
C8	Ardchoscánú éigeandála ar fheithiclí tromshaothair	Rialachán (AE) 2019/2144		X	X		X	X						
C9	Ardchoscánú éigeandála ar fheithiclí saothair éadroim	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X								
C10	Sábháilteacht na mbonn agus feidhmíocht chomhshaoil	Rialachán (AE) 2019/2144												X
C11	Rothaí breise agus córais bonn féintacaithe (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X								
C12	Boinn atráchtaithe	Rialachán (AE) 2019/2144												X
C13	Faireachán bhrú na mbonn i gcás feithiclí saothair éadroime	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X								
C14	Faireachán bhrú na mbonn i gcás feithiclí tromshaothair	Rialachán (AE) 2019/2144		X	X		X	X			X	X		
C15	Suiteáil boinn	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X		
C16	Boinn athsholáthair	Rialachán (AE) 2019/2144												X

Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	M_2	M_3	N_1	N_2	N_3	O_1	O_2	O_3	O_4	Aonad teicniúil faoi leith (STU)	Comhpháirt
D	IONSTRAIMÍ AR BORD, CÓRAS LEICTREACH, SOILSIÚ FEITHICLE AGUS COSAINT AR ÚSÁID NEAMHÚDARAITHE LENA N-ÁIRÍTEAR CIBEAR-IONSAITHE													
D1	Rabhadh inchloiste	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						X
D2	Trasnaíocht raidió (comhoiriúnacht leictreamaighnéadach)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X
D3	Cosaint i gcoinne úsáid neamhúdaraithe, córais baic dhúisithe agus córais aláraim	Rialachán (AE) 2019/2144	X	IF X	IF X	X	IF X	IF X					X	X
D4	Cosaint don fheithicil in aghaidh cibear-ionsaithe	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X					X	X
D5	Luasmhéadar	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
D6	Odaiméadar	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
D7	Teorantóirí luais	Rialachán (AE) 2019/2144		X	X		X	X						X
D8	Cúnamh cliste luais	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X					X	
D9	Sainaithint rialaitheoirí, leideoirí agus táscairí	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
D10	Córais téimh	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X		X
D11	Feistí solaschomharthaíochta	Rialachán (AE) 2019/2144												X
D12	Feistí soilsithe bóthair	Rialachán (AE) 2019/2144												X
D13	Feistí ais-fhrithchaiteacha	Rialachán (AE) 2019/2144												X

Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	M_2	M_3	N_1	N_2	N_3	O_1	O_2	O_3	O_4	Aonad teicniúil faoi leith (STU)	Comhpháirt
D14	Foinsí solais	Rialachán (AE) 2019/2144												X
D15	Suiteáil feistí solaschomharthaíochta, feistí soilsithe bóthair agus feistí aisfhrithchaiteacha	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X		
D16	Comhartha stop éigeandála	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
D17	Glantóirí ceannlampaí (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						X
D18	Giarthóscaire	Rialachán (AE) 2019/2144	X											
E	IOMPRAÍOCHT AN CHÓRAIS AGUS AN TIOMÁNAÍ													
E1	Éascú suiteála comhghlasála i gcás meisce	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
E2	Rabhadh codlatachta agus aire tiománaí	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
E3	Ardchóras rabhaidh do sheachmall tiománaí	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
E4	Córas chun faireachán a dhéanamh ar infhaighteacht an tiománaí (i gcás feithiclí uathoibrithe)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
E5	Taifeadán sonraí teagmhais	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X					X	
E6	Córais chun cur in ionad smacht an tiománaí (i gcás feithiclí uathoibrithe)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
E7	Córais chun faisnéis a chur ar fáil don fheithicil maidir le staid na feithicle agus an ceantar máguaird (i gcás feithiclí uathoibrithe)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						

Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	M_2	M_3	N_1	N_2	N_3	O_1	O_2	O_3	O_4	Aonad teicniúil faoi leith (STU)	Comhpháirt
E8	Dlúthghrúpáil (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144		X	X		X	X						
E9	Córas chun faisnéis faoi shábháilteacht a chur ar fáil d'úsáideoirí bóthair eile (i gcás feithiclí uathoibrithe)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
F	TÓGÁIL GHINEARÁLTA FEITHICLE AGUS GNÉITHE													
F1	Spás do phláta clárúcháin	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X		
F2	Gluaiseacht chúlaithe	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
F3	Laistí dorais agus insí dorais	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X								
F4	Céimeanna isteach an dorais, greamáin agus coschláir	Rialachán (AE) 2019/2144	X			X	X	X						
F5	Starráin sheachtracha	Rialachán (AE) 2019/2144	X											
F6	Starráin sheachtracha ar chábáin feithiclí tráchtála	Rialachán (AE) 2019/2144				X	X	X						
F7	Pláta reachtúil agus uimhir aitheantais feithicle	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X		
F8	Feistí tarraingthe	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X						
F9	Rothghardaí	Rialachán (AE) 2019/2144	X											
F10	Córais sochta sprae	Rialachán (AE) 2019/2144				X	X	X	X	X	X	X	X	
F11	Maiseanna agus toisí	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X		

Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	M_2	M_3	N_1	N_2	N_3	O_1	O_2	O_3	O_4	Aonad teicniúil faoi leith (STU)	Comhpháirt
F12	Cúpláin mheicniúla	Rialachán (AE) 2019/2144	IF X	IF X	IF X	IF X	IF X	IF X	X	X	X	X	X	X
F13	Feithiclí atá ceaptha le hearraí contúirteacha a iompar (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144				X	X	X	X	X	X	X		
F14	Tógáil ghinearálta bhus	Rialachán (AE) 2019/2144		X	X									
F15	Neart fhorstruchtúr an bhus	Rialachán (AE) 2019/2144		X	X									
F16	Inadhainteacht i mbusanna	Rialachán (AE) 2019/2144			X									X
G	FEIDHMÍOCHT CHOMHSHAOIL AGUS ASTAÍOCHTAÍ													
G1	Leibhéal fuaime	Rialachán (AE) Uimh. 540/2014	X	X	X	X	X	X					X	
G2	Astaíochtaí sceithphíopa na feithicle sa tsaotharlann	Rialachán (CE) Uimh. 715/2007	X	X		X	X							X
G2a	Astaíochtaí sonracha CO_2 agus ídiú breosla na feithicle a chinneadh agus feiste chun faireachán a dhéanamh ar ídiú breosla agus/nó fuinnimh leictrigh ar bord na feithicle	Rialachán (CE) Uimh. 715/2007	X	X		X	X							X
G3	Astaíochtaí sceithphíopa an innill sa tsaotharlann	Rialachán (CE) Uimh. 595/2009	X	X	X	X	X	X					X	
G3a	Astaíochtaí sonracha CO_2 agus ídiú breosla na feithicle a chinneadh	Rialachán (CE) Uimh. 595/2009			X		X	X						
G3b	Feidhmíocht shonrach éifeachtúlachta fuinnimh leantóra a chinneadh	Rialachán (CE) Uimh. 595/2009									X	X		

Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	M_2	M_3	N_1	N_2	N_3	O_1	O_2	O_3	O_4	Aonad teicniúil faoi leith (STU)	Comhpháirt
G4	Astaíochtaí sceithphíopa ar an mbóthar	Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 Rialachán (CE) Uimh. 595/2009	X	X	X	X	X	X					X	
G5	Marthanacht astaíochtaí sceithphíopa	Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 Rialachán (CE) Uimh. 595/2009	X	X	X	X	X	X					X	
G6	Astaíochtaí ó chás an chromáin	Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 Rialachán (CE) Uimh. 595/2009	X	X	X	X	X	X					X	
G7	Astaíochtaí galaithe	Rialachán (CE) Uimh. 715/2007	X	X		X	X							
G8	Astaíochtaí sceithphíopa ísealteochta sa tsaotharlann	Rialachán (CE) Uimh. 715/2007	X	X		X	X							
G9	Córas diagnóiseach ar bord	Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 Rialachán (CE) Uimh. 595/2009	X	X	X	X	X	X					X	
G10	Easpa gairis sháraithe	Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 Rialachán (CE) Uimh. 595/2009	X	X	X	X	X	X					X	
G11	Straitéisí astaíochtaí cúntacha	Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 Rialachán (CE) Uimh. 595/2009	X	X	X	X	X	X					X	
G12	Frithchrioscaíl	Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 Rialachán (CE) Uimh. 595/2009	X	X	X	X	X	X						
G13	In-athchúrsáilteacht	Treoir 2005/64/CE	X			X								
G14	Córais aerchóirithe	Treoir 2006/40/CE	X			X								X

Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	M_2	M_3	N_1	N_2	N_3	O_1	O_2	O_3	O_4	Aonad teicniúil faoi leith (STU)	Comhpháirt
H	ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOI FHEITHICLÍ AGUS NUASHONRAÚ BOGEARRAÍ													
H1	Rochtain ar fhaisnéis DAB feithiclí agus ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí	Rialachán (AE) 2018/858, Airteagail 61 go 66 agus Iarscríbhinn X.	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X		
H2	Nuashonrú bogearraí	Rialachán (AE) 2018/858, Iarscríbhinn IV Rialachán Uimh. 156 ó na Náisiúin Aontaithe	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X		

Beidh feidhm ag an mír agus ag na hiontrálacha ábhair a liostaítear sa tábla thuas chun faisnéis a sholáthar i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún, Iarscríbhinn II, Cuid III ón 6 Nollaig 2022 maidir le cineálcheaduithe lánfheithicle agus ón 6 Nollaig 2024 maidir le ceaduithe atá ann cheana.

Ní foláir Rialachán (AE) 2019/2144 a chomhlíonadh. Mar sin féin, ní dhéantar foráil maidir le cineálcheadú ar leithligh faoin Rialachán sin mar is éard atá ann bailiúcháin ítimí aonair.

Tá sé éigeantach ítimí ó G2 go G12 a chomhlíonadh, áfach, ní fhoráiltear ach d'aon chineálcheadú amháin faoi Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 nó faoi Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ag brath ar an raon feidhme. ”

(2) Cuirtear an méid a leanas in ionad Foscríbhinn 1 a ghabhann le Cuid I:

"Foscríbhinn 1

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

a ghabhann leis an tábla maidir le feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga

Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos i dtábla 1 maidir le 'Sraitheanna beaga scéim I' ar choinníoll an mhéid a leanas:

— nach bhfuil an fheithicil bunaithe ar fheithicil a tháirgtear i sraitheanna móra nó díorthaithe ó fheithicil den sórt sin, lena n-áirítear na feithiclí sin a tháirgtear le haghaidh mhargaí an Aontais nó tríú margaí; agus

— maidir leis an líon aonad comhcheangailte atá ag an monaróir, gach catagóir M agus N dá chuid de chineál amháin feithicle a bheidh le clárú, le cur ar fáil ar an margadh nó le cur i seirbhís gach bliain san Aontas, nach mó ná 1 500 iad.

I ngach cás eile, beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos i dtábla 1 maidir le 'Sraitheanna beaga scéim II' agus i dtábla 2.

X: An gníomh rialála a chur i bhfeidhm ina iomláine mar a leanas:

(a) beidh deimhniú ar chineálcheadú ina cheangal;

(b) déanfaidh an tseirbhís theicniúil nó an monaróir na tástálacha agus na seiceálacha de réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagail 67 go 81;

(c) déanfar an tuarascáil tástála a dhréachtú i gcomhréir le hIarscríbhinn III;

(d) Áiritheofar Comhréireacht Táirgeachta.

A: An gníomh rialála a chur i bhfeidhm mar a leanas:

(a) comhlíonfar ceanglais uile an ghnímh rialála, mura luafar a mhalairt;

(b) ní bheidh deimhniú ar chineálcheadú ina cheangal;

(c) déanfaidh an tseirbhís theicniúil nó an monaróir na tástálacha agus na seiceálacha de réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagail 67 go 81;

(d) déanfar an tuarascáil tástála a dhréachtú i gcomhréir le hIarscríbhinn III;

(e) Áiritheofar Comhréireacht Táirgeachta.

B: An gníomh rialála a chur i bhfeidhm mar a leanas:

Mar an gcéanna le nóta míniúcháin 'A', ach amháin go bhféadfaidh an monaróir féin na tástálacha agus na seiceálacha a dhéanamh, faoi réir chomhaontú an údaráis ceadaithe.

C: An gníomh rialála a chur i bhfeidhm mar a leanas:

(a) comhlíonfar ceanglais theicniúla an ghnímh rialála, ach de réir fhoráil idirthréimhseach éagsúil;

(b) ní bheidh deimhniú ar chineálcheadú ina cheangal;

(c) déanfaidh an tseirbhís theicniúil nó an monaróir na tástálacha agus na seiceálacha de réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagail 67 go 81;

(d) déanfar an tuarascáil tástála a dhréachtú i gcomhréir le hIarscríbhinn III;

(e) Áiritheofar Comhréireacht Táirgeachta.

IF: Córais, aonaid theicniúla faoi leith nó comhpháirteanna, comhlíonfaidh siad na ceanglais má tá siad feistithe ar an bhfeithicil

n/bh: Neamhbhainteach

Ní fhéadfar na forálacha sonracha a leagtar amach i dtábla 1 agus i dtábla 2 a mheascadh ná a chomhcheangal.

Tábla 1

Gníomhartha rialála maidir le cineálcheadú feithiclí lámhthiomáinte a tháirgtear i sraitheanna beaga de bhun Airteagal 41

			Sraitheanna beaga scéim I		Sraitheanna beaga scéim II	
Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	N_1	M_1	N_1
A	CÓRAIS SRIANTA, TÁSTÁIL TUAIRTE, SLÁINE AN CHÓRAIS BHREOSLA AGUS SÁBHÁILTEACHT LEICTREACH ARDVOLTAIS					
A1	Feistis inmheánacha	Rialachán (AE) 2019/2144	B (a) Leagan amach inmheánach (i) Ceanglais maidir le gathanna agus gobadh amach lasc, murlán tarraingthe agus a leithéidí, rialtán agus feistí inmheánacha ginearálta. Féadfar ceanglais mhír 5.1 go mír 5.6 de Rialachán Uimh. 21 ó na Náisiúin Aontaithe a tharscaoileadh arna iarraidh sin ag an monaróir. Beidh feidhm ag ceanglais mhír 5.2 de Rialachán Uimh. 21 ó na Náisiúin Aontaithe, cé is moite de mhíreanna 5.2.3.1, 5.2.3.2, agus 5.2.4 den Rialachán sin. (ii) Tástálacha ionsúcháin fuinnimh ar an gcuid uachtarach den deais. Ní dhéanfar tástálacha ionsúcháin fuinnimh ar an gcuid uachtarach den deais ach amháin i gcás nach mbeidh ar a laghad dhá mhála aeir tosaigh nó dhá cheann d'úmacha ceathairphointe statacha feistithe ar an bhfeithicil. (iii) Tástáil ionsúcháin fuinnimh ar chuid chúil na suíochán: neamhbhainteach (b) Cumhacht-oibriú fuinneog, córais díonphainéal agus córais deighilte. Beidh feidhm ag forálacha uile mhír 5.8 de Rialachán Uimh. 21 ó na Náisiúin Aontaithe.	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme	B	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme

			Sraitheanna beaga scéim I		Sraitheanna beaga scéim II	
Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	N_1	M_1	N_1
A2	Suíocháin agus ceannbhaic	Rialachán (AE) 2019/2144	B (a) Ceanglais ghinearálta (i) Beidh feidhm ag ceanglais mhír 5.2 de Rialachán Uimh. 17 ó na Náisiúin Aontaithe, cé is moite de mhír 5.2.3 den Rialachán sin. (ii) Tástálacha nirt ar thacaí droma suíochán agus ar cheannbhaic. Beidh feidhm ag forálacha uile mhír 6.2 de Rialachán Uimh. 17 ó na Náisiúin Aontaithe. (iii) Tástálacha díghlasála agus coigeartaithe. Is i gcomhréir le ceanglais theicniúla Iarscríbhinn 7 a ghabhann le Rialachán Uimh. 17 ó na Náisiúin Aontaithe a dhéanfar na tástálacha. (b) Ceannbhaic (i) Sonraíochtaí Beidh feidhm ag ceanglais mhíreanna 5.4, 5.5, 5.6, 5.10, 5.11 agus 5.12 de Rialachán Uimh. 17 ó na Náisiúin Aontaithe, cé is moite de mhír 5.5.2 den Rialachán sin. (ii) Tástálacha nirt ar cheannbhaic. Beidh feidhm ag an tástáil a leagtar síos i mír 6.4 de Rialachán Uimh. 17 ó na Náisiúin Aontaithe. (c) Ceanglais speisialta maidir le daoine atá i bhfeithicil a chosaint ar bhagáiste a cuireadh as a áit. Féadfar ceanglais Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Rialachán Uimh. 17 ó na Náisiúin Aontaithe a tharscaoileadh arna iarraidh sin ag an monaróir.	B	B	B

			Sraitheanna beaga scéim I		Sraitheanna beaga scéim II	
Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	N_1	M_1	N_1
A3	Suíocháin bhus	Rialachán (AE) 2019/2144	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme
A4	Ancaireachtaí criosanna sábhála	Rialachán (AE) 2019/2144	B	B	B	B
A5	Criosanna sábhála agus córais shriantacha	Rialachán (AE) 2019/2144	(a) Comhpháirteanna X (b) Ceanglais suiteála B	(a) Comhpháirteanna X (b) Ceanglais suiteála B	(a) Comhpháirteanna X (b) Ceanglais suiteála B	(a) Comhpháirteanna X (b) Ceanglais suiteála B
A6	Meabhrúcháin creasa slándála	Rialachán (AE) 2019/2144	B	B	B	B
A7	Córais deighilte	Rialachán (AE) 2019/2144	trealamh	trealamh	trealamh	trealamh
A8	Ancaireachtaí srianta linbh	Rialachán (AE) 2019/2144	B	IF B	B	IF B
A9	Córais srianta linbh (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X
A10	Córais srianta linbh fheabhsaithe (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X
A11	Fochosaint tosaigh	Rialachán (AE) 2019/2144	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme
A12	Fobharra cosanta ar cúl	Rialachán (AE) 2019/2144	B	B	B	B
A13	Cosaint chliathánach	Rialachán (AE) 2019/2144	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme

			Sraitheanna beaga scéim I		Sraitheanna beaga scéim II	
Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	N_1	M_1	N_1
A14	Sábháilteacht umair breosla (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	B (a) Umair breosla leachtaigh (b) Suiteáil ar an bhfeithicil	B (a) Umair breosla leachtaigh (b) Suiteáil ar an bhfeithicil	B (a) Umair breosla leachtaigh (b) Suiteáil ar an bhfeithicil	B (a) Umair breosla leachtaigh (b) Suiteáil ar an bhfeithicil
A15	Sábháilteacht gáis peitriliam leachtaithe (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	(a) Comhpháirteanna X (b) Suiteáil B	(a) Comhpháirteanna X (b) Suiteáil B	(a) Comhpháirteanna X (b) Suiteáil B	(a) Comhpháirteanna X (b) Suiteáil B
A16	Sábháilteacht gáis nádúrtha leachtaithe agus gáis nádúrtha chomhbhrúite (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	(a) Comhpháirteanna X (b) Suiteáil B	(a) Comhpháirteanna X (b) Suiteáil B	(a) Comhpháirteanna X (b) Suiteáil B	(a) Comhpháirteanna X (b) Suiteáil B
A17	Sábháilteacht hidrigine (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	X	X	X	X
A18	Cáilíocht ábhair córais hidrigine (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	(a) Comhpháirteanna X (b) Suiteáil B	(a) Comhpháirteanna X (b) Suiteáil B	(a) Comhpháirteanna X (b) Suiteáil B	(a) Comhpháirteanna X (b) Suiteáil B
A19	Sábháilteacht leictreach le linn úsáide (IF)	Rialachán (AE) 2019/2144	B	B	B	B
A20	Tuairt sheach-chur tosaigh	Rialachán (AE) 2019/2144	B Beidh feidhm aige maidir le feithiclí a bhfuil málaí aeir tosaigh feistithe orthu. Féadfaidh sé A21 Tuairt lánleithid tosaigh a chomhlíonadh ina ionad sin, de rogha an mhonaróra. Feithiclí nach bhfuil málaí aeir feistithe orthu, comhlíonfaidh siad A22 Stiúradh cosantach (ina n-iomláine)	B Beidh feidhm aige maidir le feithiclí a bhfuil málaí aeir tosaigh feistithe orthu. Féadfaidh sé A21 Tuairt lánleithid tosaigh a chomhlíonadh ina ionad sin, de rogha an mhonaróra. Feithiclí nach bhfuil málaí aeir feistithe orthu, comhlíonfaidh siad A22 Stiúradh cosantach (ina n-iomláine)	B	B Meastar go gcomhlíonann feithiclí lánchríochnaithe na ceanglais um thuairt sheach-chur tosaigh ar choinníoll gur léiríodh comhlíontacht maidir leis an veain nó maidir le cumraíocht an chábáin fonnaidh ar a laghad, in éineacht le gléasra cumhachta iomchuí, mar chuid de chineálcheadú i gcéim níos túisce, gan beann ar an méadú ar mhais na feithicle in ord reatha

			Sraitheanna beaga scéim I		Sraitheanna beaga scéim II	
Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	N_1	M_1	N_1
				Meastar go gcomhlíonann feithiclí lánchríochnaithe na ceanglais um thuairt sheach-chur tosaigh ar choinníoll gur léiríodh comhlíontacht maidir leis an veain nó maidir le cumraíocht an chábáin fonnaidh ar a laghad, in éineacht le gléasra cumhachta iomchuí, mar chuid de chineálcheadú i gcéim níos túisce, gan beann ar an méadú ar mhais na feithicle in ord reatha agus ar choinníoll nár modhnaíodh na córais bactha ábhartha a mhéid a thiocfadh laghdú ar an leibhéal sábháilteachta mar gheall air sin, mar a chomhaontaíonn an tseirbhís theicniúil.		agus ar choinníoll nár modhnaíodh na córais bactha ábhartha a mhéid a thiocfadh laghdú ar an leibhéal sábháilteachta mar gheall air sin, mar a chomhaontaíonn an tseirbhís theicniúil.
A21	Tuairt lánleithid tosaigh	Rialachán (AE) 2019/2144	B Ar bhonn deonach	B Ar bhonn deonach Meastar go gcomhlíonann feithiclí lánchríochnaithe na ceanglais um thuairt lánleithid tosaigh ar choinníoll gur léiríodh comhlíontacht maidir leis an veain nó maidir le cumraíocht an chábáin fonnaidh ar a laghad, in éineacht le gléasra cumhachta iomchuí, mar chuid de chineálcheadú i gcéim níos túisce, gan beann ar an méadú ar mhais na feithicle in ord reatha agus ar choinníoll nár modhnaíodh na córais bactha ábhartha a mhéid a thiocfadh laghdú ar an leibhéal sábháilteachta mar gheall air sin, mar a chomhaontaíonn an tseirbhís theicniúil.	B	B Meastar go gcomhlíonann feithiclí lánchríochnaithe na ceanglais um thuairt lánleithid tosaigh ar choinníoll gur léiríodh comhlíontacht maidir leis an veain nó maidir le cumraíocht an chábáin fonnaidh ar a laghad, in éineacht le gléasra cumhachta iomchuí, mar chuid de chineálcheadú i gcéim níos túisce, gan beann ar an méadú ar mhais na feithicle in ord reatha agus ar choinníoll nár modhnaíodh na córais bactha ábhartha a mhéid a thiocfadh laghdú ar an leibhéal sábháilteachta mar gheall air sin, mar a chomhaontaíonn an tseirbhís theicniúil.

			Sraitheanna beaga scéim I		Sraitheanna beaga scéim II	
Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	N_1	M_1	N_1
A22	Iompar na meicníochta stiúrtha i gcás imbhualadh	Rialachán (AE) 2019/2144	B Beidh feidhm aige maidir le feithiclí nach gcomhlíonann A20 Tuairt sheach-chur tosaigh nó A21 Tuairt lánleithid tosaigh	B Beidh feidhm aige maidir le feithiclí nach gcomhlíonann A20 Tuairt sheach-chur tosaigh nó A21 Tuairt lánleithid tosaigh	B	B
A23	Mála athsholáthair aeir	Rialachán (AE) 2019/2144	trealamh	trealamh	trealamh	trealamh
A24	Tuairt chabháin	Rialachán (AE) 2019/2144	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme	B Tá Tástáil A ina ceangal maidir le feithiclí a bhfuil uasmhais incheadaithe de 1 500 kg nó níos mó acu murar léiríodh gur comhlíonadh A20 Tuairt sheach-chur tosaigh, A21 Tuairt lánleithid tosaigh nó A22 Stiúradh cosantach. Tá Tástáil C ina ceangal maidir le feithiclí a bhfuil cábán ar leithligh acu agus na feithiclí sin amháin. Meastar go gcomhlíonann feithiclí lánchríochnaithe na ceanglais um thuairt chábáin ar choinníoll gur léiríodh comhlíontacht maidir leis an veain nó maidir le cumraíocht an chábáin fonnaidh ar a laghad, in éineacht le gléasra cumhachta iomchuí, mar chuid de chineálcheadú i gcéim níos túisce, gan beann ar an méadú ar mhais na feithicle in ord reatha.	gan a bheith ag teacht faoin raon feidhme	B Meastar go gcomhlíontar Tástáil A trí bhíthin A20 Tuairt sheach-chur tosaigh, A21 Tuairt lánleithid tosaigh nó A22 Stiúradh cosantach. Tá Tástáil C ina ceangal maidir le feithiclí a bhfuil cábán ar leithligh acu agus na feithiclí sin amháin. Meastar go gcomhlíonann feithiclí lánchríochnaithe na ceanglais um thuairt chábáin ar choinníoll gur léiríodh comhlíontacht maidir leis an veain nó maidir le cumraíocht an chábáin fonnaidh ar a laghad, in éineacht le gléasra cumhachta iomchuí, mar chuid de chineálcheadú i gcéim níos túisce, gan beann ar an méadú ar mhais na feithicle in ord reatha.

			Sraitheanna beaga scéim I		Sraitheanna beaga scéim II	
Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	N_1	M_1	N_1
A25	Taobhthuairt	Rialachán (AE) 2019/2144	B Tástáil chruth an chloiginn Soláthróidh an monaróir don tseirbhís theicniúil faisnéis oiriúnach faoi imbhualadh féideartha cheann an riochtáin in aghaidh dhéanmhasna feithicle nó in aghaidh taobhghloiniú más de ghloiniú lannach atá sin déanta. I gcás ina mbeidh sé cruthaithe gur dócha go dtarlóidh imbhualadh dá leithéid, déanfar tástáil chruth an chloiginn a bhfuil tuairisc uirthi i mír 3.1 d'Iarscríbhinn 8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiúin Aontaithe agus comhlíonfar na critéir atá sonraithe i mír 5.2.1.1 de Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiúin Aontaithe. I gcomhaontú leis na seirbhísí teicniúla, féadfar an nós imeachta tástála a bhfuil tuairisc air in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 21 ó na Náisiúin Aontaithe a úsáid de rogha ar an tástáil atá luaite i Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiúin Aontaithe. De rogha air sin, féadfar tástáil ar scála iomlán a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiúin Aontaithe.	B Tástáil chruth an chloiginn Soláthróidh an monaróir don tseirbhís theicniúil faisnéis oiriúnach faoi imbhualadh féideartha cheann an riochtáin in aghaidh dhéanmhasna feithicle nó in aghaidh taobhghloiniú más de ghloiniú lannach atá sin déanta. I gcás ina mbeidh sé cruthaithe gur dócha go dtarlóidh imbhualadh dá leithéid, déanfar tástáil chruth an chloiginn a bhfuil tuairisc uirthi i mír 3.1 d'Iarscríbhinn 8 a ghabhann le Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiúin Aontaithe agus comhlíonfar na critéir atá sonraithe i mír 5.2.1.1 de Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiúin Aontaithe. I gcomhaontú leis na seirbhísí teicniúla, féadfar an nós imeachta tástála a bhfuil tuairisc air in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 21 ó na Náisiúin Aontaithe a úsáid de rogha ar an tástáil atá luaite i Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiúin Aontaithe. De rogha air sin, féadfar tástáil ar scála iomlán a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiúin Aontaithe.	B	B Meastar go gcomhlíonann feithiclí lánchríochnaithe na ceanglais um thuairt thaobhach ar choinníoll gur léiríodh comhlíontacht maidir leis an veain nó maidir le cumraíocht an chábáin fonnaidh ar a laghad, in éineacht le gléasra cumhachta iomchuí, mar chuid de chineálcheadú i gcéim níos túisce, gan beann ar an méadú ar mhais na feithicle in ord reatha agus ar choinníoll nár modhnaíodh na córais bactha ábhartha a mhéid a thiocfadh laghdú ar an leibhéal sábháilteachta mar gheall air sin, mar a chomhaontaíonn an tseirbhís theicniúil.

			Sraitheanna beaga scéim I		Sraitheanna beaga scéim II	
Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	N_1	M_1	N_1
				Meastar go gcomhlíonann feithiclí lánchríochnaithe na ceanglais um thuairt thaobhach ar choinníoll gur léiríodh comhlíontacht maidir leis an veain nó maidir le cumraíocht an chábáin fonnaidh ar a laghad, in éineacht le gléasra cumhachta iomchuí, mar chuid de chineálcheadú i gcéim níos túisce, gan beann ar an méadú ar mhais na feithicle in ord reatha agus ar choinníoll nár modhnaíodh na córais bactha ábhartha a mhéid a thiocfadh laghdú ar an leibhéal sábháilteachta mar gheall air sin, mar a chomhaontaíonn an tseirbhís theicniúil.		
A26	Tuairt thaobhach an chuaille	Rialachán (AE) 2019/2144	n/bh	n/bh	B	B Meastar go gcomhlíonann feithiclí lánchríochnaithe na ceanglais um thuairt thaobhach an chuaille ar choinníoll gur léiríodh comhlíontacht maidir leis an veain nó maidir le cumraíocht an chábáin fonnaidh ar a laghad, in éineacht le gléasra cumhachta iomchuí, mar chuid de chineálcheadú i gcéim níos túisce, gan beann ar an méadú ar mhais na feithicle in ord reatha agus ar choinníoll nár modhnaíodh na córais bactha ábhartha a mhéid a thiocfadh laghdú ar an leibhéal sábháilteachta mar gheall air sin, mar a chomhaontaíonn an tseirbhís theicniúil.

			Sraitheanna beaga scéim I		Sraitheanna beaga scéim II	
Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	N_1	M_1	N_1
A27	Tuairt chúil	Rialachán (AE) 2019/2144	n/bh	n/bh	B	B Meastar go gcomhlíonann feithiclí lánchríochnaithe na ceanglais um thuairt chúil ar choinníoll gur léiríodh comhlíontacht maidir leis an veain nó maidir le cumraíocht an chábáin fonnaidh ar a laghad, in éineacht le gléasra cumhachta iomchuí, mar chuid de chineálcheadú i gcéim níos túisce, gan beann ar an méadú ar mhais na feithicle in ord reatha.
A28	Córais infheithicle eCall 112-bhunaithe	Rialachán (AE) 2015/758	n/bh	n/bh	n/bh	n/bh
B	ÚSÁIDEOIRÍ SOGHONTA BÓTHAIR, RADHARC AGUS INFHEICTHEACHT					
B1	Cosaint cloiginn agus coise coisithe	Rialachán (AE) 2019/2144	C Dáta maidir le diúltú chineálcheadú AE a údarú: an 7 Eanáir 2026 Dáta maidir le toirmeasc ar chlárú feithiclí: an 7 Iúil 2034	C Dáta maidir le diúltú chineálcheadú AE a údarú: an 7 Eanáir 2026 Dáta maidir le toirmeasc ar chlárú feithiclí: an 7 Iúil 2034	C Dáta maidir le diúltú chineálcheadú AE a údarú: an 7 Eanáir 2026 Dáta maidir le toirmeasc ar chlárú feithiclí: an 7 Iúil 2034	C Dáta maidir le diúltú chineálcheadú AE a údarú: an 7 Eanáir 2026 Dáta maidir le toirmeasc ar chlárú feithiclí: an 7 Iúil 2034
B2	Zón cosanta tuairte cloiginn méadaithe	Rialachán (AE) 2019/2144	C Dáta maidir le diúltú chineálcheadú AE a údarú: an 7 Eanáir 2026 Dáta maidir le toirmeasc ar chlárú feithiclí: an 7 Iúil 2034	C Dáta maidir le diúltú chineálcheadú AE a údarú: an 7 Eanáir 2026 Dáta maidir le toirmeasc ar chlárú feithiclí: an 7 Iúil 2034	C Dáta maidir le diúltú chineálcheadú AE a údarú: an 7 Eanáir 2026 Dáta maidir le toirmeasc ar chlárú feithiclí: an 7 Iúil 2034	C Dáta maidir le diúltú chineálcheadú AE a údarú: an 7 Eanáir 2026 Dáta maidir le toirmeasc ar chlárú feithiclí: an 7 Iúil 2034

			Sraitheanna beaga scéim I		Sraitheanna beaga scéim II	
Ítim	Ábhar	Gníomh rialála	M_1	N_1	M_1	N_1
B3	Córas cosanta tosaigh	Rialachán (AE) 2019/2144	trealamh	trealamh	trealamh	trealamh
